
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Teideal: Tasc an Chiúib

Cuspóir: Cumas na scoláirí a fhorbairt chun Ceisteanna a Chur




Is é cuspóir an taisc seo cumas na scoláirí a fhorbairt chun ceist a chur. Is den riachtanas é deiseanna a chur ar fáil do scoláirí ceisteanna a chur a thuilleann imscrúdú agus iniúchadh matamaiticiúil chun cumais na scoláirí a fhorbairt i dtaca le réasúnú, fadhb-réiteach agus machnamh a dhéanamh go criticiúil. Tugtar faoi deara nach sampla de Mheasúnú Rangbhunaithe é an tasc seo.

Is féidir le ceisteanna a chuirtear teacht as inneachar curaclaim nó as feiniméin ón bhfíorshaol. Is straitéis fhiúntach í spreagthaí ilmhódacha a úsáid agus a chomhtháthú amhail íomhánna, grianghraif, léaráidí, láimhseoga digiteacha, taifeadtaí físe agus / nó fuaime chun scil chumtha fadhbanna a fhorbairt. Tugann na Treoirlínte Measúnaithe don Mhatamaitic le fios gur gné thábhachtach den Imscrúdú Matamaitice é 'an fhadhb a shainmhíniú'. Tosaíonn an próiseas nuair a chumann an scoláire an fhadhb atá le scrúdú agus nuair a mhionathraíonn sé í. Is beartas cruthaitheach é fadhb a chumadh agus is scil í a thógann am chun í a fhorbairt. Ba chóir do mhúinteoirí deiseanna rialta a chur ar fáil do scoláirí na hinniúlachtaí seo a fhorbairt. Moltar go ndírítear air sin sa seisiún deiridh.

Is féidir an tasc seo a úsáid le scoláirí le linn nó ag deireadh an chéad staidéir a dhéanann siad ar Chéimseata, Uimhreas agus Ailgéabar. Má bhaintear úsáid as an tasc le linn aonad foghlama, tá an tasc foirmitheach, ó tharla go dtugann sé deis don mhúinteoir ranga cumas scoláirí a mheas chun cruthanna geoiméadracha a sceitseáil agus anailís a dhéanamh orthu, a gcuid eolais maidir le Céimseata, Uimhreas agus Ailgéabar a úsáid ar fhadhb agus conclúid a chosaint i dtéarmaí na ceiste bunaidh a cuireadh.

Tá an tasc ag teacht le cuid mhaith de thorthaí foghlama an tSnáithe Aontaithigh i sonraíocht na Matamaitice don tSraith Shóisearach. Mar shampla, is féidir le múinteoir aird a dhíriú ar:

- A4 cás matamaiticiúil a léiriú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear: go huimhriúil, go hailgéabrach, go grafach, go fisiciúil, i bhfocail; agus na léirithe sin a léirmhíniú, a anailísiú agus a chur i gcomparáid lena chéile
- A8 a eolas agus a scileanna a úsáid chun fadhb a réiteach, lena n-áirítear í a bhriseadh síos ina codanna soláimhsithe agus/ nó í a shimpliú trí úsáid a bhaint as foshuíomhanna cuí

Tá an tasc nasctha leis na torthaí foghlama seo a leanas ó shnáithe comhthéacsúil shonraíocht Mhatamaitice na Sraithe Sóisearaí:


- U4 patrúin uimhriúla a anailísiú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear táblaí agus graif a dhéanamh amach, agus leanúint ar aghaidh leis na patrúin sin
- CT2 imscrúdú a dhéanamh ar sholaid tríthoiseacha
- AF1 imscrúdú a dhéanamh ar phatrúin agus ar choibhneasa (líneacha, cearnacha, dúbailt agus méadú faoi thrí) in uimhreas, i bpatrúin spásúla agus i bhfeiniméin an fhíorshaoil lena mbaineann athrú


**Acmhainní Digiteacha Úsáideacha**

Is acmhainní ar líne iad na naisc seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do scoláirí agus iad ag tabhairt faoin tasc.

https://www.nctm.org/Classroom-Resources/Illuminations/Interactives/Isometric-Drawing-Tool/

http://voxelbuilder.com/edit.html#C/2ecc713498db34495ee67e22ecf0f1:A/

| | |
|---|---|
|  | Leideanna ar féidir iad a úsáid le scoláirí:<br><br>Cad é a ba mhaith leat a fháil amach?<br><br>Cad é atá ar eolas agat cheana féin?<br><br>An bhfuil ábhair choincréiteacha ar bith ann chun cabhrú leat?<br>• Ciúbanna tógála? (Acmhainní idirghníomhacha ar líne?)<br>• Grafpháipéar isiméadrach do léaráidí?<br><br>Cad iad na tuairimí a bhfuil tú ag glacadh leo?<br>• An bhfuil an croílár soladach?<br>• An leantar den phatrún ar na taobhanna nach bhfeictear? |


Ciúb aonaid